



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

Uimhir an Fhógra : 2023/0389/ES (Spain)

Foraithne Ríoga lena rialaítear Clár Stáit na Soláthraithe Seirbhísí Meán Ciosamhairc, Soláthraithe Seirbhísí Ardáin Fís-roinnte agus Soláthraithe Seirbhíse um Chomhiomlánú Seirbhísí Meán Ciosamhairc

An dáta ar a bhfuarthas é/í : 23/06/2023

Deireadh leis an Tréimhse Neamhghníomhaíochta : 26/09/2023 (closed)

Message

Teachtaireacht 001

Teachtaireacht ón gCoimisiún — TRIS/(2023) 1902

Treoir (AE) 2015/1535

Fógra a thabhairt 2023/0389/ES

Dréacht-téacs a fhógairt ó Bhallstát

Notification – Notificación – Notifizierung – Нотификация – Oznámení – Notifikation – Γνωστοποίηση – Notificación – Teavitamine – Ilmoitus – Obavijest – Bejelentés – Notifica – Pranešimas – Paziņojums – Notifika – Kennisgeving – Zawiadomienie – Notificação – Notificare – Oznámenie – Obvestilo – Anmälan – Fógra a thabhairt

Does not open the delays - N'ouvre pas de délai - Kein Fristbeginn - Не се предвижда период на прекъсване - Nezahajuje prodlení - Fristerne indledes ikke - Καμμία έναρξη προθεσμίας - No abre el plazo - Viivituste perioodi ei avata - Määräaika ei ala tästä - Ne otvara razdoblje kašnjenja - Nem nyitja meg a késéset - Non fa decorrere la mora - Atidējimai nepradedami - Atlikšanas laikposms nesākas - Ma jiftaħ il-perijodi ta' dewmien - Geen termijnbegin - Nie otwiera opóźnień - Não inicia o prazo - Nu deschide perioadele de stagnare - Nezačína oneskorenia - Ne uvaja zamud - Inleder ingen frist - Ní osclaíonn sé na moilleanna

MSG: 20231902.GA

1. MSG 001 IND 2023 0389 ES GA 23-06-2023 ES NOTIF

2. Spain

3A. Subdirección General de Asuntos Industriales, Energéticos, de Transportes, Comunicaciones y Medio Ambiente.
Dirección General de Coordinación del Mercado Interior y otras Políticas Comunitarias.
Secretaría de Estado para la Unión Europea.
Ministerio de Asuntos Exteriores, Unión Europea y Cooperación.

3B. Ministerio de Asuntos Económicos y Transformación Digital.
Secretaría de Estado de Telecomunicaciones e Infraestructuras Digitales
Secretaría General de Telecomunicaciones y Ordenación de los Servicios de Comunicación Audiovisual
Subdirección General de Ordenación de los Servicios de Comunicación Audiovisual

4. 2023/0389/ES - SERV60 - Internet services



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

5. Foraithne Ríoga lena rialaítear Clár Stáit na Soláthraithe Seirbhísí Meán Closamhairc, Soláthraithe Seirbhísí Ardáin Fís-roinnte agus Soláthraithe Seirbhíse um Chomhiomlánú Seirbhísí Meán Closamhairc

6. Baineann an dréacht-Foraithne Ríoga le soláthraithe sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

7.

8. Leis an dréachtfhoraithne Ríoga, cuirtear chun feidhme cuid de Dhlí Ginearálta 13/2022 an 7 Iúil 2022 maidir le Cumarsáid Chlosamhairc, lena dtrasuítear ina dhiaidh sin Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, rialachán nó gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar, lena n-áirítear an oibleagáid liosta cothrom le dáta de sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán a choinneáil agus an liosta sin agus aon nuashonruithe air a chur in iúl don Choimisiún Eorpach.

Leis an dréachtfhoraithne Ríoga, rialaítear eagrú agus oibriú an Chláir Stáit nua a cruthaíodh le hAirteagal 39 de Dhlí 13/2022 an 7 Iúil 2022 i gcás ina gclárófar soláthraithe ardáin comhroinnte físeán, i measc soláthraithe eile.

Sa bhreis ar an liosta de sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán a thiomsú mar a cheanglaítear ar na Ballstáit leis an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc, bunaítear leis an dréacht-Foraithne Ríoga na bealaí agus na sásraí le haghaidh comhoibriú leis an gCoimisiún Náisiúnta um Margaí agus Iomaíocht agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir le malartú faisnéise a bhaineann leis na soláthraithe sin.

Déanann sé an earnáil chlosamhairc níos trédhearcaí freisin mar mhodh chun cearta úsáideoirí a chosaint, trí rialáil a dhéanamh ar sholáthar faisnéise faoi úinéirí seirbhísí ardáin comhroinnte físeán do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Is éard atá sa dréacht-Foraithne Ríoga brollach, 36 airteagal arna n-eagrú faoi réamhtheideal agus ceithre theideal, aon fhoráil bhreise amháin, trí fhoráil idirthréimhseacha, foráil amháin lena n-aisghairtear foráil, trí fhoráil deiridh agus iarscríbhinn.

Tugtar fógra faoin dréacht Foraithne Ríoga iomlán ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar chomhthéacs an dréacht-Rialacháin a bhfuil fógra le tabhairt faoi.

9. De réir Aithris 4 de Threoir 2018/1808, bíonn seirbhísí ardáin comhroinnte físeán in iomaíocht le haghaidh an lucht féachana agus na n-ioncam céanna le seirbhísí meán closamhairc agus bíonn tionchar suntasach acu sa mhéid is go n-éascaíonn siad an fhéidearthacht d'úsáideoirí tuairimí úsáideoirí eile a mhúnlú agus tionchar a imirt orthu, agus dá bhrí sin, leis an leasú ar an Treoir, bunaítear rialáil íosta ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

Ar an taobh eile, luaitear in Aithris 7 de Threoir 2018/1808, chun cur chun feidhme éifeachtach Threoir 2010/13/AE a áirithiú, go bhfuil sé ríthábhachtach go mbunódh agus go gcoinneodh na Ballstáit taifid cothrom le dáta de sholáthraithe seirbhíse na meán agus de sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán atá faoina ndlínse agus go gcomhroinnfidh siad na taifid sin go rialta lena n-údaráis nó comhlachtaí rialála neamhspleácha inniúla agus leis an gCoimisiún. Ba cheart go n-áireofaí sna Cláir sin faisnéis maidir leis na critéir ar a bhfuil an dlínse bunaithe.

Is é is cuspóir don Rialachán nua seo an oibleagáid a fhorchuirtear le Treoir 2018/1808 a chomhlíonadh, trí rialáil a dhéanamh ar chlárú soláthraithe ardáin comhroinnte físeán sa Chlár Stáit, trí na bealaí chun an fhaisnéis sin a mhalartú go rialta leis an údarás rialála neamhspleách agus leis an gCoimisiún Eorpach a shainiú, agus trí sholáthar faisnéise do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a rialáil, mar mhodh chun trédhearcacht an mhargaidh chlosamhairc a áirithiú.



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

10. Tagairtí do théacsanna bunúsacha: Cuireadh na buntéacsanna isteach le fógra níos luaithe:
2020/0713/E

11. No.

12.

13. No.

14. No

15. Yes

16.

Gnéithe BTT: No

Gnéithe SPS: No

An Coimisiún Eorpach

Pointe teagmhála Treoir (AE) 2015/1535

ríomhphost: grow-dir2015-1535-central@ec.europa.eu